C/2023/1089

21.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11306 — SMARTSELLER / FNSG / SMARTSELLER FN (JV))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1089)

1. An 10 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Smartseller GmbH & Co. KG ('**smartseller**'), faoi rialú comhpháirteach Gebr. Heinemann SE Co. KG ('GH'), an Ghearmáin, agus Orior AG ('**Orior**'), an Eilvéis, trína fochuideachta indíreach casualfood GmbH ('**cf**'), an Ghearmáin,

— Flughafen Nürnberg Service Gesellschaft mit beschränkter Haftung ('**FNSG**'), fochuideachta 100 % de Flughafen Nürnberg Gesellschaft mit beschränkter Haftung ('**FNG**'), faoi rialú comhpháirteach ag Cathair Nuremberg agus Stát na Baváire, an Ghearmáin,

— Smartseller Flughafen Nürnberg GmbH & Co. KG ('**smartseller FN**', an Ghearmáin) atá faoi rialú aonair FNSG faoi láthair.

Gheobhaidh Smartseller in éineacht le FNSG comhrialú ar smartseller FN ('**an Comhfhiontar**') de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Smartseller siopaí luacha taistil/saor ó dhleacht in aerfoirt Münster/Osnabrück, Leipzig/Halle (an Ghearmáin) agus i Liúibleána (an tSlóivéin). Cuireann Smartseller seirbhísí bia lamháltais ar fáil sna haerfoirt sin freisin.

— Oibríonn GH asraonta miondíola taistil ag aerfoirt idirnáisiúnta agus tá sé gníomhach freisin i ndíol táirgí miondíola taistil le hoibreoirí aerfoirt, aerlínte, oibreoirí long cúrsála agus farantóireachta, siopaí teorann agus miondíola i gcriosanna saorthrádála.

— Cuireann Orior saoráidí lónadóireachta agus gabhálais taistil ar fáil, mar shampla, cúisíní muineál agus earraí tobac níos lú mar sheirbhísí coimhdeacha.

— Tá FNSG gníomhach in oibriú siopaí lena n-áirítear siopa saor ó dhleacht atá ann cheana ag aerfort Nuremberg, an Ghearmáin, chomh maith le saoráidí páirceála.

— Is oibreoir é FNG in aerfort Nuremberg.

— Oibreoidh an Comhfhiontar an siopa luacha taistil/saor ó dhleacht a bhí i seilbh FNSG roimhe seo agus cuirfidh sé seirbhísí bia lamháltais ar fáil ag aerfort Nuremberg, an Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11306 — SMARTSELLER / FNSG / SMARTSELLER FN (JV)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË